# 12 Bainistiú Fosheirbhísí i gColáiste an Gharda Síochána

**12.1** Is é Coláiste an Gharda Síochána lárionad an Gharda Síochána d'oiliúint, forbairt agus foghlaim póilíní. Cumhdaíonn struchtúr feidhmiúil an choláiste bunoiliúint d'earcaigh nua, chomh maith le hoiliúint um choireacht agus oiliúint speisialaithe agus ceannaireachta, forbairt bainistíochta agus ghairmiúil do bhaill ar seirbhís. Tá an coláiste lonnaithe ar champas laistigh de bhaile an Teampaill Mhóir, Co. Thiobraid Árann.

**12.2** In 2016, chuir Iniúchóireacht Inmheánach an Gharda Síochána tús le scrúdú ar struchtúir agus nósanna imeachta airgeadais Choláiste an Gharda Síochána, d'fhonn rialachas corparáideach agus rialuithe airgeadais a mheasúnú, lena n-áirítear rialuithe maidir le feidhmiú na bialainne agus fosheirbhísí eile sa choláiste.

**12.3** I ndréacht-tuarascáil eatramhach i Meán Fómhair 2016 tarraingíodh aird ar easnaimh rialachais, cuntasaíochta agus rialaithe.[1] Críochnaíodh an tuarascáil eatramhach i mí Feabhra 2017.

**12.4** Ag éirí as torthaí na dréacht-tuarascála, leasaigh an tOifigeach Cuntasaíochta a ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais (SIFC) a foilsíodh in éineacht le cuntas leithghabhála 2015. Sa Ráiteas ar Rialú Inmheánach, arna leasú, dúradh "Aithníodh roinnt ceisteanna bainteach le soláthar fosheirbhísí i gColáiste an Gharda Síochána, an Teampall Mór, nach bhfuil i gcomhréir le nósanna imeachta reatha caighdeánacha um rialachas corparáideach poiblí. Rinneadh roinnt moltaí i ndréacht-tuarascáil iniúchta inmheánaigh chun comhlíonadh na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* a chinntiú, a ndéanfar a chorprú in aon phlean gníomhaíochta chun dul i ngleic leis na ceisteanna seo."[2]

**12.5** I lár 2017, bhí na cúraimí a ndearnadh cur síos orthu sa tuarascáil iniúchóireachta inmheánaí ina n-ábhar d'éisteachtaí agus do thuarascáil ag an gCoiste um Chuntais Phoiblí.[3] Bhí na héisteachtaí agus an tuarascáil dírithe don chuid is mó ar ábhair imní maidir le hiniúchóireacht inmheánach, maoirseacht agus rialachas, struchtúir inmheánacha agus cultúr eagraíochtúil laistigh den Gharda Síochána.

**12.6** Scrúdaítear sa tuarascáil seo na himpleachtaí do chuntas leithghabhála 2016 Vóta an Gharda Síochána

- do mhaoiniú agus cuntasaíocht le haghaidh fosheirbhísí i gColáiste an Gharda Síochána agus
- bainistiú thailte an choláiste.

1 Tugtar tuarascáil eatramhach uirthi toisc go bhfuil Iniúchóireacht Inmheánach den tuairim gurb é an chéad cheann de shraith ar shaincheisteanna a bhaineann leis an gColáiste.


2 An tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a eisíonn *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí*. Leagtar amach sa doiciméad prionsabail maidir le cuntasaíocht agus bainistiú airgeadais an Rialtais mar a chuirtear i bhfeidhm iad in oibríochtaí laethúla ranna agus oifigí an rialtais láir.

3 *Tuarascáil an Choiste um Chuntais Phoiblí — scrúdú ar chúraimí maidir le nósanna imeachta airgeadais i gColáiste an Gharda Síochána, An Teampall Mór*, Iúil 2017 (Modúl 1).

## Feidhmiú Choláiste an Gharda Síochána

**12.7** Gearrtar costas riar Choláiste an Gharda Síochána ar Vóta 20 an Gharda Síochána. I bhFíor 12.1 leagtar amach costas an choláiste idir 2007 agus 2016. Bhí titim shuntasach ar an €36.7 milliún a caitheadh in 2008 go thart ar €12 milliún in aghaidh na bliana idir 2012 agus 2014, de thoradh ar mhoratóir ar earcaíocht sa tseirbhís phoiblí a tugadh isteach de bharr na géarchéime eacnamaíche. Cuireadh tús arís le hearcaíocht in 2014 agus breis is 1,800 oiliúnaí tar éis freastal ar an gcoláiste ó shin i leith.


**Fíor 12.1 Caiteachas ar Choláiste an Gharda Síochána, 2007 go 2016**




Foinse: An Garda Síochána

**12.8** Anuas ar chroí-oibríochtaí an choláiste arna maoiniú ag an Vóta, bhí fosheirbhísí agus gníomhaíochtaí éagsúla ar siúl laistigh de champas an choláiste, ar mhaithe leis na hoiliúnaithe don chuid is mó. Ina measc siúd, tá bialann, beár agus siopaí, roinnt clubanna agus cumainn choláiste, agus cuideachta dar teideal Garda College Sportsfield Company Ltd, a bunaíodh chun áiseanna spóirt a sholáthar agus a bhainistiú do phobal an choláiste.

**Fíor 12.2 Croífheidhmeanna agus fosheirbhísí sa choláiste**




Foinse: An Garda Síochána

Nóta: Gearradh ábhair leabharlainne don choláiste ar an Vóta. Coimeádadh cuntas ar leith leabharlainne lenar íoc oiliúnaithe as seirbhísí amhail fótachóipeáil.

### *Baincéireacht an Choláiste*

**12.9** Tá an Coimisinéir, mar Oifigeach Cuntasaíochta, freagrach go pearsanta as na cistí poiblí agus an réadmhaoin phoiblí atá faoina c(h)úram a shlánú, agus a chinntiú go mbeidh córais chuí i bhfeidhm le haghaidh bainistiú cistí poiblí. Áirítear leis sin cuntais bhainc phoiblí a oibriú.[1]

**12.10** Déantar oibriúcháin agus costais Choláiste an Gharda Síochána a riar mar a dhéantar i limistéir an Gharda Síochána. Déantar formhór an chaiteachais, lena n-áirítear pá, trealamh agus costais chaipitiúla, a bhainistiú go lárnach, agus an bhainistíocht áitiúil freagrach as caiteachas a thabhaítear go háitiúil tríd an gcóras cuntasaíochta óinchiste.[2]

**12.11** I dtuarascáil eatramhach an Iniúchóra Inmheánaigh fuarthas go raibh, anuas ar na cuntais bhainc a raibh gá leo le haghaidh fheidhmiú croíghníomhaíochtaí an choláiste (an cuntas óinchiste san áireamh), breis is 40 cuntas le hinstitiúidí airgeadais arna n-oibriú laistigh den choláiste chun tacú le fosheirbhísí. As na cuntais sin a aithníodh, dúnadh 18 díobh in 2010, tar éis athbhreithniú 2008 ag Stiúrthóireacht Airgeadais an Gharda Síochána.

**12.12** Tá achoimre ar chuntais bhainc an choláiste a oibríodh ó 2011 (30 ar an iomlán) i bhFíor 12.3 (céad leathanach eile). Amhail i Lúnasa 2017, bhí naoi gcuntas á n-oibriú — cúig cinn acu á rialú ag an nGarda Síochána, agus ceithre chuntas le clubanna/cumainn.

**12.13** Ó 2014, tá sé d'oibleagáid ar ranna rialtais a chinntiú go gcuirfear sna cláir chomhardaithe a cheanglaítear lena gcuntais leithghabhála "gach iarmhéid cuntais tráchtála (párolla agus cuntais eile atá bainteach leis an Vóta) arna sealbhú ag deireadh na bliana atá maoinithe ag an Státchiste trí chaiteachas a vótáladh nó ina bhfuil admhálacha dlite lena dtaisceadh ar ais leis an Státchiste mar leithreasaí-i-gcabhair."[3] Rinneadh na cuntais a bhí ag croílár ghníomhaíochtaí an choláiste, arbh iad cuntas óinchiste an choláiste agus cuntais a bhain le cláir arna maoiniú ag an AE, a thaifead ar iarmhéid bainc an chuntais leithghabhála ó 2014, i gcomhréir leis na treoracha sin.

**12.14** Úsáideadh roinnt cuntas le haghaidh fosheirbhísí. I gcásanna áirithe, bhí na cuntais seo faoi réir rialú coistí eagrúcháin, agus i gcásanna eile, bhí na cuntais faoi rialú bhainistíocht an choláiste. Níor taifeadadh aon cheann de chuntais bhainc na bhfosheirbhísí faoi rialú na bainistíochta mar chuid de na hiarmhéideanna bainc ar na cuntais leithghabhála do 2014 ná 2015.

**12.15** Don bhliain 2016, cuireadh cuntais bhainc na bialainne agus an tsiopa ar an gclár comhordaithe.

1 Foráiltear in Alt 29 d'Acht an Gharda Síochána, 2005 go bhféadfaidh Coimisinéir an Gharda Síochána, chun críocha a f(h)eidhmeanna a chomhlíonadh faoin Acht maidir le riarachán agus gnó an Gharda Síochána, cuntais bhainc de chineál ar bith a oibriú sa Stát, gan ceadú roimh ré ón Aire Cirt agus Comhionannais nó ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

2 Is saintréith de chuntasaíocht rialtais iad cuntais óinchiste lena ndéanann an cheanncheathrú cistí a réamhíoc leis an mbainistíocht áitiúil ionas nach mbeidh orthu a n-acmhainní féin a chaitheamh ar sheirbhísí poiblí. Nuair a thabhaítear caiteachas, cuirtear na mionsonraí ar aghaidh go dtí an t-aonad airgeadais lárnach agus gearrann an t-aonad dá réir an caiteachas ar an gcuntas leithghabhála agus déanann an cuntas óinchiste a athshlánú.

3 Ciorclán na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe 17/2014 – *Riachtanais maidir le Cuntais Leithghabhála 2014*.

**Fíor 12.3 Achoimre ar na cuntais bhainc á n-oibriú sa choláiste ó 2010**

| Cuntas | Iarmhéid Noll 2016 | Iarmhéid Noll 2015 | Foinse Maoinithe | Stádas an chuntais (Lún 17) |
|---|---|---|---|---|
| **Croíghníomhaíochtaí** | **€** | **€** | | |
| Cuntas óinchiste an Choláiste | 49,216 | 85,813 | Poiblí | Oscailte |
| Príomhchiste an AE[a] | 242,094 | 154,157 | Poiblí | Oscailte |
| Oiliúint Idirnáisiúnta Choláiste an Gharda Síochána (CEPOL) | 21,704 | 17,027 | Poiblí | Oscailte |
| Lárchiste an AE (dhá chuntas taisce) | – | – | Poiblí | Dúnta (2015) |
| Cúrsaí Eorpacha Choláiste an Gharda Síochána | – | – | Poiblí | Dúnta (2013) |
| Cuntas ábhair na Leabharlainne[b] | – | – | Poiblí | Dúnta (2012) |
| **Iomlán** | **313,014** | **256,997** | | |
| **Fosheirbhísí (cuntais faoi rialú na bainistíochta)** | | | | |
| Cuntas reatha na bialainne[c] | 210,415 | 456,443 | Poiblí agus príobháideach | Oscailte |
| Cuntais taisce na bialainne (deich)[d] | – | – | Barrachas na bialainne | Dúnta (2011 – 2015) |
| Siopa | 13,732 | 4,161 | Díolacháin | Oscailte |
| Leabharlann – cuspóirí mac léinn | – | – | Mic Léinn | Dúnta (2012) |
| Spóirt na Mac Léinn | 670 | 5,950 | Príobháideach agus bialann | Dúnta (2017) |
| Cuntais an bheáir (reatha agus taisce) | 8,099 | 16,133 | Díolacháin | Dúnta (2017) |
| **Iomlán** | **232,916** | **482,687** | | |
| **Fosheirbhísí (cuntais nach bhfuil faoi rialú na bainistíochta)** | | | | |
| Coiste Roinne — gníomhaíochtaí spóirt | N/B | N/B | Poiblí agus príobháideach[e] | Oscailte |
| Leas na Mac Léinn | N/B | N/B | Poiblí agus príobháideach[e] | Oscailte |
| Turais | N/B | N/B | Príobháideach | Oscailte |
| An Cumann Gailf | N/B | N/B | Príobháideach | Oscailte |
| Beár an Chumainn Gailf | N/B | N/B | Díolacháin | Dúnta |
| Imeachtaí sóisialta | N/B | N/B | Príobháideach | Dúnta |
| Sábháilteacht uisce | N/B | N/B | Poiblí agus príobháideach | Dúnta |

Foinse: An Garda Síochána. Níor soláthraíodh iarmhéid do roinnt de na cuntais phríobháideacha don scrúdú.

Nótaí:
a Faoi bhainistiú na Stiúrthóireachta Airgeadais ó Aibreán 2016.
b Maoinithe trí chuntas óinchiste an choláiste ó 2013.
c Maoinithe ón Vóta trí liúntas maireachtála agus costais dhíreacha, agus ó dhíolacháin le custaiméirí a íocann airgead.
d Úsáideadh deich gcuntas chun barrachais ón mbialann a bhainistiú.
e Folaíonn cionroinnt ón liúntas maireachtála.

### *Oibriú bhialann an choláiste*

**12.16** Bhain an fhosheirbhís ba mhó le hoibriú bhialann an choláiste atá ag feidhmiú ó bunaíodh an coláiste. Cé nár bunaíodh an bhialann go foirmiúil mar chuideachta, tá a taifid chuntasaíochta féin aici agus uimhir chánach ar leith. Sa tuarascáil iniúchóireachta inmheánaí ceistíodh an raibh sainiúlacht dhlíthiúil ar leithligh aici ón nGarda Síochána. Tá a stádas dlíthiúil á scrúdú ag an nGarda Síochána.

**12.17** Rinne bainistíocht an choláiste socruithe le go ndéanfaí cuntais na bialainne a iniúchadh, ach dealraíonn sé nár tarchuireadh iad ach do bhainistíocht an choláiste. Tugtar le fios sna cuntais iniúchta gur ghin an bhialann, suas go dtí an bhliain 2008, barrachais charntha, le thart ar €2 mhilliún i gcúlchistí ag deireadh na bliana.[1] Sa tréimhse ó 2009 go 2016 charn an bhialann caillteanais trádála €1.95 milliún. Taispeántar anailís ar an bhfaisnéis airgeadais ó ghníomhaíochtaí na bialainne i bhFíor 12.4. Ba iad na príomhfhoinsí maoiniúcháin

- 'liúntas maireachtála' do bhéilí na mac léinn, íoctha ó fho-cheannteideal párolla an Vóta
- muirir dhíreacha as imeachtaí agus oiliúint bhaill foirne eile an Gharda Síochána ag an gcoláiste a íocadh ó fho-cheannteideal oiliúna an Vóta
- muirir dhíreacha ag an scipéad ar chustaiméirí a íocann na bialainne, baill foirne agus cuairteoirí san áireamh.

**Fíor 12.4 Bialann an Gharda Síochána — achoimre ar thoradh airgeadais 2008 go 2016**

| | 2008 | 2009 | 2010 | 2011 | 2012 | 2013 | 2014 | 2015 | 2016 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Díolacháin[a] | 2,590 | 1,477 | 533 | 430 | 354 | 330 | 427 | 755 | 1,105 |
| Costas díolachán | 1,041 | 643 | 274 | 203 | 180 | 176 | 225 | 438 | 543 |
| *Ollbhrabús* | *1,549* | *834* | *259* | *227* | *174* | *154* | *202* | *317* | *562* |
| Costais | 1,449 | 1,232 | 576 | 478 | 439 | 366 | 411 | 556 | 621 |
| *Glanbhrabús/(glanchaillteanas)* | *100* | *(398)* | *(317)* | *(251)* | *(265)* | *(212)* | *(209)* | *(239)* | *(59)* |

Foinse: Cuntais iniúchta 2008 go 2014; 2015 agus 2016 arna soláthar ag an nGarda Síochána.

Nóta: Tuairisc ó bhainistíocht an Gharda Síochána go ngineann an bhialann díolacháin ar airgead síos de thart ar €160,000.

**12.18** Dúirt bainistíocht an Gharda Síochána gur maoiníodh na caillteanais a tabhaíodh ó 2009 le laghdú ar iarmhéideanna airgid agus le réadú infheistíochtaí. Dúirt siad freisin go raibh, faoi dheireadh 2008, de thoradh ar an múnla an bhialann a mhaoiniú trí úsáid an liúntais maireachtála, barrachais ioncaim a sháraíonn caiteachas le linn tréimhsí earcaíochta luathaithe oiliúnaithe. Dúirt siad gur coinníodh na barrachais agus gur úsáideadh iad chun fosheirbhísí do mhic léinn a mhaoiniú, lena n-áirítear talamh a cheannach i gcomhair áiseanna spóirt a fhorbairt (páirceanna imeartha), cumainn spóirt agus gníomhaíochtaí agus chun caiteachas ní ba leithne an choláiste a mhaoiniú.

1 Coimeádadh na cúlchistí i gcuntais bhainc agus roinnt infheistíochtaí.

**12.19** I mBealtaine 2017, choimisiúnaigh an Garda Síochána cuntasóirí seachtracha le hathbhreithniú a dhéanamh ar ghnóthaí cánach an tsiopa, na bialainne, an bheáir agus Sportsfield Company Ltd. Ba é conclúid an athbhreithnithe go raibh gnóthaí cánach na ngníomhaíochtaí éagsúla in ord seachas gearríocaíocht chánach i ndáil leis an mbeár. De thoradh air sin chuir bainistíocht an Gharda Síochána nochtadh neamhspreagtha faoi bhráid na gCoimisinéirí Ioncaim i mBealtaine 2017.[1] Íocadh €32,800 ón Vóta leis na Coimisinéirí Ioncaim i ndáil le

- cuntasaíocht mhícheart i ndáil le CBL ar dhíolacháin an bheáir ó 2010, as a d'eascair dliteanas de thart ar €18,300, móide ús agus pionóis de €4,200
- cuntasaíocht mhícheart i ndáil le cánacha párolla ar phá ócáideach don tréimhse 2014 go 2016 sa bheár, as a d'eascair dliteanas €8,800, móide úis agus pionóis de €1,500.

Tá bainistíocht an Gharda Síochána ag fanacht ar chinneadh ó na Coimisinéirí Ioncaim maidir leis an gcúram seo.

### *Rialachas ar fhosheirbhísí i gcomhlachtaí poiblí eile*

**12.20** Cuireann roinnt comhlachtaí poiblí seirbhísí bialainne agus ceaintín ar an láthair ar fáil do bhaill foirne agus d'úsáideoirí eile, de ghnáth nuair a bhíonn líon leordhóthanach daoine ann le húsáid a bhaint as na seirbhísí sin, nó ag éirí as cineál nó suíomh na hoibre. Bíonn cineálacha cuir chuige éagsúla ag comhlachtaí poiblí, cuid acu cuireann siad seirbhísí ar fáil go díreach agus cuid eile acu cuireann siad seirbhísí ar fáil ar bhonn 'seachfhoinsithe' nó conarthach, arna bhfáil tar éis próiseas iomaíoch.

**12.21** Níl creatlach soiléir ag an nGarda Síochána do bhialann an choláiste ina leagtar síos struchtúr rialachais agus socruithe freagrachta di, ná d'úsáid ná feidhm aon bharrachas a ghintear. Tá comparáid idir socruithe do bhialann an choláiste agus múnlaí eile atá i bhfeidhm i gcomhlachtaí poiblí eile maidir le háiseanna bialainne a sholáthar leagtha amach i bhFíor 12.5.

1 I gcomhréir le *Cód Cleachtais maidir le hIniúchadh na gCoimisinéirí Ioncaim agus Idirghabhálacha Comhlíonta Eile*, d'fhéadfadh nochtadh neamhspreagtha ar dhliteanas cánach neamhdhearbhaithe a bheith incháilithe do phionóis laghdaithe, ag brath ar na cúinsí as a d'eascair an dliteanas.

**Fíor 12.5 Comparáid idir múnlaí do sheirbhísí bialainne a sholáthar i gcomhlachtaí poiblí**

| **Príomhshocruithe** | **Bialann choláiste an Gharda Síochána** | **Socruithe coitianta i gcomhlachtaí poiblí eile** | |
|---|---|---|---|
| | | **Soláthar intí**<br>**(lena n-áirítear bialanna an airm agus campais cuideachtaí)**[a] | **Soláthar conraithe** |
| **Cad é an múnla oibríochtúil do sholáthar seirbhísí?** | Tá an foras le seirbhísí a sholáthar doiléir. Conradh ná comhaontú seirbhíse ar bith i bhfeidhm. | Ní cuid d'fheidhmeanna an chomhlachta iad seirbhísí. | Seirbhís arna soláthar go poiblí le conradh i bhfeidhm. |
| **Cé hiad fostóirí na foirne?** | Tá stádas na foirne doiléir. | Tá an fhoireann fostaithe ag comhlacht nó fochomhlacht. | Conraitheoir |
| **Cé a íocann as soláthairtí, fóntais, áitreabh agus trealamh, glantóireacht, srl.?** | Gearrtar costais amhail áitreabh, áiseanna agus fóntais ar an Vóta. Bíonn éagsúlachtaí ann maidir le híoc as trealamh. Gearrtar costais soláthair ar chuntas na bialainne. | Gearrtar gach costas ar an gcomhlacht nó fochuideachta. | Conraitheoir, ach i bhformhór cásanna, maoiníonn comhlachtaí poiblí roinnt costas, amhail soláthar áitribh agus roinnt áiseanna. |
| **Conas a leagtar síos praghsanna díolacháin?** | Is í bainistíocht an choláiste a leagann síos na praghsanna a ghearrtar ar chustaiméirí a íocann. I gcás oiliúnaithe, íocadh as béilí leis an liúntas maireachtála. | Go ginearálta, is í an bhainistíocht (den chomhlacht nó fochuideachta) a leagann síos na praghsanna díolacháin le hionchur ó fhóraim úsáideoirí. | Leagann an conraitheoir síos praghsanna díolacháin. |
| **Cé a rialaíonn na cistí barrachais a ghintear ó sheirbhísí?** | Sa chleachtas, is í bainistíocht an choláiste a rialaíonn barrachais. | De ghnáth ní ghintear cistí barrachais (i.e. cóimheá airgid a bhaint amach).[b] | Conraitheoir |
| **An bhfuil na seirbhísí a chuirtear ar fáil rialaithe laistigh de rialachas foriomlán agus airgeadais** | Ní raibh go dtí seo ach tá athruithe á ndéanamh anois. | Tá | Níl |
| **An bhfuil gníomhaíochtaí faoi réir iniúchadh inmheánach agus maoirseacht coiste** | Sa chleachtas, ní raibh. | Tá | Níl |
| **An aithníonn an comhlacht torthaí trádála na n-oibríochtaí ina ráitis airgeadais?** | Níl<br>Cuntais iniúchta bhliantúla ar leith don bhialann. | Tá[c] | Neamhbhainteach |
| **An gcomhlíonann oibríochtaí na rialacha um sholáthar poiblí?** | Gan cur i bhfeidhm | Tá | Neamhbhainteach |

Foinse: Anailís arna Déanamh ag Oifig an Ard-Reachtaire ar na socruithe maidir le soláthar seirbhísí bialainne agus ceaintín sa Gharda Síochána, Fórsaí Cosanta, roinnt ranna rialtais, Coimisiún Thithe an Oireachtais agus roinnt coláistí tríú leibhéal.

Nótaí:

a Bunaíodh Bord Ceaintín na bhFórsaí Cosanta faoi rialacháin an airm agus tá a struchtúir rialachais féin aige. Oibríonn a lán coláistí tríú leibhéal cuideachtaí campais a chuireann seirbhís lónadóireachta ar fáil ar champas.

b I gcás Bhord Ceaintín na bhFórsaí Cosanta, is é coiste na bialainne lena mbaineann a rialaíonn barrachais faoi na rialacháin ábhartha. Íoctar ranníocaíocht bhliantúil le Coimisiún Thithe an Oireachtais ó sheirbhís lónadóireachta an Oireachtais bunaithe ar an mbarrachas trádála, coinnítear roinnt cistí le haghaidh caipiteal oibre.

c I bhformhór cásanna, déantar gníomhaíochtaí bialainne a chomhdhlúthú isteach i ráitis airgeadais bhliantúla. I gcuntais Choimisiún Thithe an Oireachtais 2016 nochtar achoimre torthaí trádála.

## Liúntas Maireachtála do Ghardaí Síochána faoi oiliúint

**12.22** Rinneadh athbhreithniú domhain ar an gcur chuige oiliúna sa Gharda Síochána i 1985 faoi chathaoirleacht an Dr. Thomas Walsh. Sa tuarascáil rinneadh roinnt moltaí an oiliúint agus an fhorbairt d'earcaithe a nuachóiriú.[1] Ag éirí as na moltaí sin, in Eanáir 1988 cheadaigh na Rialtas athruithe ar earcaíocht, oiliúint, coinníollach agus cóiríocht bhaill nua an Gharda Síochána.

**12.23** Go dtí 1988, bhí oiliúint na n-earcach nua teoranta do chlár sé mhí i gColáiste an Gharda Síochána, agus d'fhianaítí mar Ghardaí ina dhiaidh sin iad. Mar chuid de na leasuithe, tugadh isteach tréimhse agus córas oiliúna sínithe d'earcaigh nua i 1989. Bhí cúig chéim i gceist

- Céim 1 — 22 seachtain oiliúna sa choláiste, móide 2 sheachtain de shaoire bhliantúil
- Céim 2 — 24 seachtain i stáisiún Gardaí ainmnithe don oiliúint, móide 2 sheachtain de shaoire bhliantúil
- Céim 3 — 12 sheachtain sa choláiste (fianú mar Gharda Síochána in dhiaidh sin)
- Céim 4 — 32 seachtain i stáisiún Gardaí ainmnithe don oiliúint, móide 4 seachtaine de shaoire bhliantúil
- Céim 5 — 6 seachtaine sa choláiste.

### *Rátaí liúntais*

**12.24** Sular tugadh isteach an réimeas oiliúna céimnithe i 1988, thosaíodh earcaigh ar scála pá breisithe an Gharda ar a gceapachán dóibh. Bhíodh asbhaint sheachtainiúil i gceist dá gcuid bia agus cóiríochta agus iad i mbun an chláir oiliúna sé mhí sa Teampall Mór.

**12.25** Rinneadh athruithe ar luach saothair na n-earcach nuair a tugadh isteach réimeas oiliúna Walsh. Faoin réimeas céimnithe, d'fhaigheadh earcaigh liúntas pearsanta seachtainiúil (£58 i 1989) a d'íoctaí go díreach leo le linn na chéad trí seachtaine den oiliúint. Anuas ar an méid sin, bhí liúntas béile/cóiríochta a dtugtaí 'liúntas maireachtála' air iníoctha. Thagadh deireadh leis an liúntas oiliúna i ndiaidh an fhianaithe, nuair a chuirtí na baill ar ghnáthscála pá an Gharda Síochána agus d'fhaighidís liúntais chaighdeánacha Gharda.

**12.26** Cé go raibh gné an liúntais phearsanta buan, bhí éagsúlacht i ráta íocaíochta an liúntais maireachtála i gcaitheamh na gcéimeanna éagsúla oiliúna. Nuair a bhíodh oiliúnaithe ag freastal ar an gcoláiste mar mhic léinn (i.e. an chéad agus an tríú céim), d'íoctaí an liúntas go díreach le cuntas bhialann an choláiste, ag ráta £30 sa tseachtain i 1989. Nuair a shanntaí oiliúnaithe chuig stáisiúin oiliúna ainmnithe le linn an dara céim den oiliúint, d'íoctaí an liúntas maireachtála go díreach leo trí chuntas óinchiste réigiún ábhartha an Gharda Síochána. Sa chás sin, d'íoctaí cibé ba lú, £50 sa tseachtain (i 1989) nó costas iarbhír an bhia agus na cóiríochta. D'íoctaí na liúntais mhaireachtála chéanna le hoiliúnaithe ar saoire le linn na chéad dá chéim den oiliúint.

1 *Tuarascáil ar Oiliúint Promhóirí ó Choiste Oiliúna an Gharda Síochána*, Nollaig 1985 (dá dtagraítear Tuarascáil Walsh).

**12.27** In aighneacht ó bhainistíocht an Gharda Síochána i 1989 chuig an Roinn Dlí, Cirt agus Comhionannais inar lorgaíodh méadú ar an liúntas maireachtála, tagraítear do sholáthar áiseanna áineasa sa choláiste mar chúis amháin le méadú a lorg. I gcomhfhreagras inmheánach Choláiste an Gharda Síochána in Eanáir 1990 ordaíodh go gcuirfí i leataoibh eilimint den liúntas maireachtála chun áiseanna a chur ar fáil d'oiliúnaithe, lena n-áirítear cumainn spóirt agus shóisialta agus leas mac léinn. Níl aon taifid aitheanta ag an Roinn a thugann le fios gur thug siad ceadú sonrach go n-úsáidfí cuid den liúntas ar an mbealach seo.

**12.28** Faoin mbliain 2009, nuair a bhí na hoiliúnaithe deiridh faoi réimeas Walsh ag críochnú a gcuid oiliúna, ba iad na liúntais a bhí iníoctha roimh fhianú dóibh ná


- liúntas pearsanta €203.44 sa tseachtain do chéim 1, 2 agus 3 (62 seachtain san iomlán)
- liúntas maireachtála €71.42 sa tseachtain le linn dóibh bheith sa choláiste i.e. céim 1 (24 seachtain san iomlán) agus céim 3 (12 sheachtain san iomlán), agus
- liúntas maireachtála €120.47 sa tseachtain do chéim 2, sannadh stáisiúin (26 seachtain san iomlán).

**12.29** In 2014, rinneadh athrú ar an méid ama a chaith earcach ar chonradh oiliúna roimh fhianú — laghdaíodh é ó 62 seachtain go 32 seachtain. Tosaíonn oiliúnaithe anois ar an gcéad phointe de scála pá breisithe an Gharda Síochána tar éis na tréimhse sin. De thoradh air sin, ó 2014 i leith, níl an liúntas maireachtála iníoctha ach amháin le linn don earcach a bheith ag freastal ar an gcoláiste mar mhac léinn.

### *Caiteachas ar liúntais*

**12.30** Fíor 12.6 taispeántar an muirear don Vóta ar an liúntas maireachtála i gcaitheamh na tréimhse ó 2009 go 2016. Íocadh liúntais mhaireachtála €1.157 milliún ar an iomlán in 2016 i ndáil le hearcaigh, arbh ionann é agus 0.12% den phá agus de na liúntais a gearradh ar Vóta an Gharda Síochána.

**Fíor 12.6 Caiteachas ar liúntais, 2009 go 2016**




Foinse: Anailís arna déanamh ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

### *Mar a dhéileáiltear ó thaobh cánach le liúntas oiliúnaí*

**12.31** Sna téarmaí agus coinníollacha a fógraíodh d'earcaigh sa Gharda Síochána faoin réimeas leasaithe oiliúna sonraíodh go raibh an liúntas maireachtála iníoctha 'le haghaidh bia agus cóiríochta' ag na rátaí sonraithe le linn na chéad trí chéim den oiliúint. Buncheist maidir le cinneadh a dhéanamh faoi mar a dhéileáiltear ó thaobh cánach leis an liúntas maireachtála is ea cé acu an bhféachtar air mar chuid d'ioncam na n-oiliúnaithe nó mar aistriú inmheánach laistigh de Vóta an Gharda Síochána. Más ioncam de chuid na n-oiliúnaithe é, is é an t-aon bhonn gan cáin a ghearradh air ná gur aisíocaíocht speansas é a bheadh asbhainteach faoi rialacha cánach.

**12.32** Tá fianaise ann i gcomhaid na Roinne gur tionscnaíodh comhairliúcháin leis na Coimisinéirí Ioncaim i 1988 maidir le mar a dhéileáiltear ó thaobh cánach leis na liúntais. Ba é tuairim na Roinne dá n-íocfaí an liúntas go díreach le hearcaigh, gurb é is dóichí go mbeadh sé inchánach, ach dá soláthrófaí bia agus cóiríocht go díreach d'earcaigh agus dá n-íocfaí 'coiste bialainne' an choláiste go díreach, gur dócha nach mbeadh cáin iníoctha.[1] Luaigh an Roinn freisin go mbeadh íoc an liúntais maireachtála inchánach le linn chéim 2 den oiliúint, le linn d'earcaigh a bheith ceangailte le stáisiúin an Gharda Síochána ainmnithe don oiliúint.

**12.33** I 1989, d'ordaigh an Roinn gur cheart an liúntas maireachtála a íoc

- go díreach le 'coiste bialainne' Choláiste an Gharda Síochána le linn d'earcaigh bheith sa choláiste, agus
- i bhfoirm liúntais cothaithe le linn chéim 2 den oiliúint.[2]

De ghnáth íocann comhlachtaí poiblí íocaíochtaí cothaithe i ndáil le speansais a thabhaítear nuair éilíonn fostóirí ar bhaill foirne dualgais a chomhlíonadh amach óna mbunáit bhuan. Go ginearálta ní ghearrtar cáin ar íocaíochtaí cothaithe laistigh de rátaí caighdeánacha na seirbhíse poiblí.

**12.34** Níl fianaise ar bith ar taifead go ndeachthas i gcomhairle go foirmiúil leis na Coimisinéirí Ioncaim, ná gur toilíodh go ndéileálfaí mar seo leis an gcúram.

**12.35** Tar éis athbhreithniú ar an mbealach ina ndéileáiltear le raon liúntas sa Gharda Síochána, i Samhain 2011, scríobh na Coimisinéirí Ioncaim go dtí an Garda Síochána agus d'ordaigh go gcuirfí deireadh leis an gcleachtas an liúntas maireachtála a íoc le linn chéim 2 (i.e. gan cánacha párolla a asbhaint), agus gur cheart nósanna imeachta leasaithe a thabhairt isteach a chomhlíonann na rialacha maidir le mar a dhéileáiltear ó thaobh cánach le speansais fostaithe. Níor toibhíodh riaráistí cánach ina leith sin. Ní dhearna na Coimisinéirí Ioncaim aon tagairt don bhealach ina a ndéileáiltear ó thaobh cánach leis na liúntais mhaireachtála a íocadh le linn do na mic léinn a bheith ag freastal ar an gcoláiste.

### *Staid reatha*

**12.36** Lorg an Roinn tuairimí an Ard-Aighne maidir le stádas dlíthiúil an liúntais maireachtála.

**12.37** Tá sé luaite ag an nGarda Síochána gur athraíodh múnla maoinithe bhialann an choláiste i mBealtaine 2017 nuair a tugadh freagracht as an mbialann don Phríomhriarthóir (eatramhach) nua-cheaptha. Tá an bhialann á rith anois ar bhonn 'glanchostais'. Ríomhtar anois an maoiniú míosúil ar an mbialann ón Vóta ó chostas an phá agus soláthairtí bialainne, agus cuirtear san áireamh admhálacha an scipéid. Cuirtear taifead freisin den líon mac léinn i láthair sa choláiste le linn na tréimhse sin ar fáil don Stiúrthóireacht Airgeadais chun críocha faisnéise agus comhchoibhnis. Ba cheart go seachnófaí sa tslí sin aon bharrachas sa chuntas.

1. Foráiltear do choistí bialainne i rialacháin an Gharda Síochána a cheadaíonn coistí a bhunú chun socruithe a dhéanamh maidir le béilí a sholáthar do bhaill.

2. D'ordaigh an Roinn freisin gur cheart íocaíochtaí a ghearradh ar Thuarastail Fho-cheannteideal A, pá agus liúntais Vóta an Gharda Síochána agus gur cheart cód párolla ar leith a bhunú d'fhonn rianú ar chaiteachas ar an liúntas maireachtála a éascú.

12.38 Tá sé ráite ag an Ard-Rúnaí go bhfuil a Roinn i mbun cainteanna le bainistíocht an Gharda Síochána maidir leis an struchtúr atá ann le haghaidh mhaoiniú an choláiste a athrú chun pictiúr níos trédhearcaí a thabhairt de na costais agus den ioncam iomlán. Meastar go léireofar na hathruithe ar an struchtúr sin san fhoráil do mheastacháin do 2018 agus na blianta a leanann.

## Bainistiú talaimh ag Coláiste an Gharda Síochána

12.39 Is le hOifig na nOibreacha Poiblí an talamh agus na foirgnimh a úsáidtear chun Coláiste an Gharda Síochána a oibriú.

### *Garda College Sportsfield Company Ltd*


12.40 Bhunaigh bainistíocht an choláiste an Garda College Sportsfield Company Limited i 1993 chun áiseanna spóirt a chur ar fáil do mhic léinn.

12.41 San am atá caite, ghníomhaigh Stiúrthóir Oiliúna agus bainisteoirí sinsearacha eile mar stiúrthóirí den chuideachta. Ní raibh aon chreatlach foriomlán i scríbhinn inar leagadh amach an idirghníomhaíocht idir feidhmiú mar stiúrthóirí den chuideachta agus freagrachtaí na bainistíochta maidir leis an gcoláiste a rith. Tá sé ráite ag an nGarda Síochána nach bhfuil aon cheann de bhainisteoirí reatha an choláiste ina stiúrthóirí den chuideachta agus go bhfuil sé i gceist deireadh a chur leis an gcuideachta a thúisce is a aistreofar na sócmhainní talún ar fad go húinéireacht an Stáit.

### *Talamh an ghalfchúrsa*

12.42 Fuair Oifig na nOibreacha Poiblí 37 n-acra de thalamh taobh leis an gcoláiste i 1964 agus rinneadh é a fhorbairt mar ghalfchúrsa naoi bpoll sna blianta a lean (féach Fíor 12.7). I 1998, cheannaigh Sportsfield Company Ltd leas i dtalamh an ghalfchúrsa faoi léas 99 bliain ar £85,000 agus cíos ainmniúil bliantúil £1.

**Fíor 12.7 Coláiste an Gharda Síochána agus talamh an ghalfchúrsa**




Foinse: An Garda Síochána

**12.43** In 2000, d'aontaigh Sportsfield Ltd cead a thabhairt do chumann gailf áitiúil an talamh a úsáid ar tháille bhliantúil €12,600. Tá sé ráite ag an nGarda Síochána go ndeachaigh íocaíocht na táille i riaráistí ina dhiaidh sin agus go bhfuil thart ar €88,000 gan íoc faoi láthair.

### *Feirm an Droma Aird*

**12.44** Rinne an Rialtas cinneadh in 2004 líon na nGardaí Síochána a mhéadú go 14,000. Chun freastal ar an méadú ar líon na mac léinn sa choláiste, leagadh na háiseanna oiliúna oirbheartaíochta a bhí ann cheana sa choláiste le slí a dhéanamh do chóiríocht shínte agus uasghrádaithe ar an gcampas.

**12.45** Agus iad i mbun pleanála chun na háiseanna oiliúna oirbheartaíochta don choláiste a shíneadh, mhol bainistíocht an Gharda Síochána go bhforbrófaí 'ionad barr feabhais' a chuirfí ar fáil ar thalamh breise i gceantar an Teampaill Mhóir. Ba é cuspóir an ionaid nua ná oiliúint agus forbairt straitéiseach, oirbheartaíochta agus oibríochta a thabhairt do ghardaí. I measc na n-argóintí i bhfabhar an mholta ionad barr feabhais a fhorbairt bhí

- go raibh na háiseanna ar champas an choláiste teoranta agus go raibh gá ó am go céile le háiseanna breise a aimsiú, a mheasúnú ó thaobh riosca agus a shlánú
- bhain fadhbanna leis na háiseanna breise a bhí ar fáil lena n-áirítear, easpa seomraí oiliúna, teileachumarsáide agus teicneolaíochta, deacrachtaí maidir le rochtain, ceisteanna maidir le sláinte agus sábháilteacht, baol slándála, agus costais mhéadaithe taistil toisc a fhad is bhí siad ón gcoláiste
- san ionad oiliúna nua bheifí in ann limistéir oiliúna éagsúla don ord poiblí, modh iontrála, oirbheartaíocht, cuardach, gunnaí, scoil tiomána agus áiseanna oiliúna praiticiúla eile a chur ar fáil.

**12.46** Ag gníomhú thar ceann an Gharda Síochána, thosaigh Oifig na nOibreacha Poiblí ar láithreán a fháil d'ionad oiliúna nua go déanach in 2004. I Márta 2005, cuireadh fógraí sna meáin náisiúnta agus áitiúla ag lorg 'léirithe spéise' láithreán 15 go 25 acra a dhíol i gcóngar an choláiste.

**12.47** Fuarthas roinnt freagairtí ar an bhfógra tosaigh agus thug bainistíocht an choláiste agus oifigeach ó Oifig na nOibreacha Poiblí cuairt ar gach láithreán a moladh. Go luath i mBealtaine 2005, léirigh bainistíocht an Gharda Síochána imní faoi chuid de na láithreáin toisc a ngiorracht do thithe áitiúla, cáilíocht chuid de na láithreáin nó na praghsanna ceannaigh a luadh.

#### *Feirm an Droma Aird a fháil*

**12.48** Thart ar an am céanna, fógraíodh ceant poiblí ar an 10 Bealtaine 2005 d'fheirm sa Droim Ard — 6 chiliméadar ón gcoláiste, le praghas treorach €2.5 milliún. Ghabh seanteach Seoirseach, cróite agus 252 acra, 92 acra de choillearnach san áireamh, leis an bhfeirm. Léirigh bainistíocht an Gharda Síochána spéis sa réadmhaoin seo, agus luaigh siad na buntáistí a bheadh leis an spás breise le haghaidh raon lámhaigh lasmuigh, cúrsa oiliúna tiomána, agus teicnící faireachais faoin tuath d'aonaid speisialaithe.

**12.49** Rinne Oifig na nOibreacha Poiblí meastachán gurb é €3 mhilliún luach margaidh oscailte fheirm an Droma Aird agus thug comhairle, ag cur san áireamh luach ar leith na feirme don Gharda Síochána, go mbeadh bonn le tairiscint €3.5 milliún. Cheadaigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ceannach an láithreáin ar an mbonn go bhféadfaí raon gníomhaíochtaí níos fairsinge a chur ar fáil leis agus mbeadh costas i bhfad níos lú air ná cuid de na láithreáin a cuireadh faoina mbráid tar éis fhógra an Gharda Síochána ag iarraidh léirithe spéise. Sa cheadú a tugadh ordaíodh gur cheart an láithreán a roinnt le gníomhaireachtaí eile stáit dá mba ghá, agus gur cheart aird a thabhairt air go bhféadfaí fáil réidh le haon chuid den láithreán nach raibh gá leis.

**12.50** Tarraingíodh siar díol Fheirm an Droma Aird ar lá an cheant lena díol go príobháideach. Rinne ball foirne d'Oifig na nOibreacha Poiblí taifead ag an am gurb é a thuiscint siúd gur díoladh í ar €3.5 milliún.

**12.51** I mí an Mheithimh 2005, chuir an Roinn in iúl d'Oifig na nOibreacha Poiblí go bhféadfaí freastal níos éifeachtaí ar riachtanais an Gharda gan Feirm an Droma Aird a cheannach. Luaigh siad go raibh láithreán 25 acra ar fáil sa chóngar céanna le Feirm an Droma Aird ar €500,000. Rinneadh measúnú ar láithreán eile de 29 acra ar €3.5 milliún gar don choláiste i mí na Nollag 2005 agus fuarthas gur chomhlíon sé riachtanais oiliúna na todhchaí. Luadh gurb é an ceann deireanach sin rogha bhainistíocht an Gharda Síochána, cé gur diúltaíodh é tar éis measúnú i mBealtaine 2005 toisc gur ceapadh é a bheith riascach.

**12.52** I mí an Mhárta 2006, ar iarraidh bhainistíocht an Gharda, d'iarr an Roinn ar Oifig na nOibreacha Poiblí an láithreán 29 acra sa Teampall Mór a fháil. Ós rud é gurbh é a ghiorracht don bhaile agus fadhbanna a d'éireodh as sin a tugadh mar chúis i mBealtaine 2005 le láithreán taobh amuigh den bhaile a lorg, d'iarr an Roinn ar bhainistíocht an Gharda an moladh ba dhéanaí acu a mhíniú. D'fhreagair siad go bhféadfaí forbairt incriminteach a dhéanamh air agus ionad barr feabhais a bheith ann. Leanadh ar aghaidh ag iarraidh an láithreán 29 acra a cheannach sna míonna ina dhiaidh sin ach níor ceannaíodh é.

**12.53** I Meán Fómhair 2006, cuireadh Feirm an Droma Aird ar an margadh arís le praghas treorach €4.5 milliún. Mhol an Príomh-Aturnae Stáit d'Oifig na nOibreacha Poiblí nár tugadh an díolachán deiridh chun críche agus go raibh an réadmhaoin le díol ar ceant mar fhodhíolachán den idirbheart deireanach. Tharraing an Roinn aird i litir go dtí Oifig na nOibreacha Poiblí go bhféadfaí feirm an Droma Aird a cheannach ar phraghas mórán mar an gcéanna le praghas an láithreáin 29 acra a bhí á lorg an tráth sin laistigh de limistéar an bhaile agus gur cheart gach dícheall a dhéanamh an fheirm a fháil.

**12.54** Rinne Oifig na nOibreacha Poiblí cigireacht ar fheirm an Droma Aird agus luaigh nár thalamh feirme den chéad scoth a bhí ann. Thug sainchomhairleoirí maoine a d'fhostaigh Oifig na nOibreacha Poiblí luacháil €5.45 milliún ar an bhfeirm agus luaigh Oifig na nOibreacha Poiblí gur aontaigh siad leis an luacháil sin.

**12.55** Ar an 11 Deireadh Fómhair 2006, cheannaigh Oifig na nOibreacha Poiblí feirm an Droma Aird €4.3 milliún.

### *Feirm an Droma Aird a chur ar cíos*

**12.56** Ó achtaíodh Acht an Gharda Síochána 2005, níl an chumhacht ag an gCoimisinéir dul i gconradh maidir le talamh.

**12.57** I mí an Mhárta 2007, shocraigh Oifig na nOibreacha Poiblí ligean gearrthéarmach na talún mar thalamh féaraigh trí cheantálaí áitiúil. 162 acra a ligeadh ar cíos, a thuill ioncam cíosa €38,000 (lúide táillí agus costais €2,838) a íocadh le hOifig na nOibreacha Poiblí. In 2008, ligeadh na tailte ar cíos arís ar feadh dhá mhí san fhómhar ar cíos €5,100 (lúide táillí €242) a íocadh le hOifig na nOibreacha Poiblí. Tugann taifid i gcomhaid an choláiste le fios gur lorg bainistíocht an choláiste comhairle ó Oifig na nOibreacha Poiblí i Samhain 2008 maidir le ligean na talún. Níl taifead ann d'aon fhreagra.

**12.58** I gcaitheamh na tréimhse 2009 go 2013, lean an ceantálaí áitiúil de ligin ghearrthéarmacha a fhógairt ar ordú ó bhainistíocht an Gharda Síochána sa choláiste. Is é meastachán an Gharda Síochána go bhfuarthas ioncam thart ar €131,000 (glan ó tháillí agus costais).[1]

1. D'íoc an Garda Síochána an méid sin le hOifig na nOibreacha Poiblí i mí Iúil 2017.

**12.59** I mBealtaine 2013, cheistigh Oifig na nOibreacha Poiblí an Garda Síochána maidir le feirm an Droma Aird i gcomhthéacs talamh poiblí a bheith á lorg chun cabhrú leis an ngéarchéim náisiúnta fodair a mhaolú. Nuair a cuireadh an socrú áitiúil in iúl maidir leis an bhfeirm a ligean, cheistigh Stiúrthóireacht Airgeadais an Gharda Síochána bainistíocht an choláiste faoin údarú na tailte a ligean, na coimircí dlí a bhí i bhfeidhm lena n-áirítear socruithe maidir le hárachas, cuntasaíocht chuí ar na hadmhálacha agus aon impleachtaí maidir le cáin.

**12.60** In Eanáir 2014, scríobh Stiúrthóireacht Airgeadais an Gharda Síochána go dtí Oifig na nOibreacha Poiblí le cuntas ar gach a tharla sular ligeadh an talamh ar cíos idir 2009 agus 2013 agus d'iarr ar Oifig na nOibreacha Poiblí socruithe a dhéanamh maidir le ligin sa todhchaí. I mí Aibreáin 2014, shocraigh Oifig na nOibreacha Poiblí ligean suas go mí na Samhna trí cheantálaí áitiúil. Fuair Oifig na nOibreacha Poiblí cíos de €27,000 in 2014 a d'aithin sí mar leithreasaí-i-gcabhair dá Vóta. Tar éis roinnt oibreacha forbartha agus athchóirithe ar an talamh, shocraigh Oifig na nOibreacha Poiblí ligin bhreise go dtí 2020 a bhfuil ioncam bliantúil de thart ar €30,000 á thuilleamh astu.

### *Forbairt áiseanna oiliúna san 'ionad barr feabhais'*

**12.61** Forbraíodh máistirphlean don ionad barr feabhais beartaithe ar fheirm an Droma Aird i mBealtaine 2007. Sa phlean sin bhí sé i gceist go mbeadh sé in úsáid ag thart ar aon deichiú d'eagraíocht an Gharda Síochána ag aon am ar leith. Sa phlean sin bhí gnéithe a bhain oiliúint arm tine, scoil oiliúna oirbheartaíochta agus oird phoiblí, oiliúint bleachtaireachta agus ordaithe, aonaid tacaíochta oibríochtaí, áiseanna comhchoiteanna agus cónaithe agus áiseanna spóirt agus áineasa.

**12.62** Ba é a tógadh sa deireadh ar an bhfeirm ná foirgneamh le haghaidh oiliúint oirbheartaíochta. Dúirt bainistíocht an Gharda ar an gcoláiste go n-úsáidtear an áis oiliúna oirbheartaíochta go tréimhsiúil, le haghaidh oiliúint cuardaigh, tacaíocht faoi airm agus ordaithe. Úsáidtear an láithreán le haghaidh oiliúint easbhóthair agus úsáideann an Chosaint Shibhialta freisin é le haghaidh oiliúna ó am go céile.

**12.63** Mhínigh an Garda Síochána nach rabhthas in ann na háiseanna oiliúna a bhí beartaithe a fhorbairt de bharr srianta buiséadacha a d'éirigh as an ngéarchéim eacnamaíoch.

**12.64** I mí Feabhra 2016, rinne bainistíocht an Gharda Síochána athbhreithniú ar na háiseanna sa choláiste agus ar éilimh oiliúna laistigh den fhórsa. Leagadh amach ann an riachtanas práinneach a bhí ann do chóiríocht bhreise agus áiseanna oiliúna breise chun freastal ar oiliúint sna 10 go 15 bliana a lean. Luadh ann freisin gur cheart na háiseanna a lonnú chomh cóngarach agus ab fhéidir don bhaile le go mbeifí in ann úsáid a bhaint as na seirbhísí atá ar fáil cheana féin sa choláiste.

**12.65** Anuas ar na riachtanais a bhí leagtha amach cheana féin in 2007, tugadh cur síos san athbhreithniú ar an ngá le 500 seomra leapa breise chun maolú ar an ngá le cóiríocht a lorg lasmuigh den choláiste, agus spásanna páirceála breise chomh maith. Faoi láthair úsáidtear na spásanna páirceála ag an ngalfchúrsa in aice leis an gcoláiste le haghaidh páirceáil don choláiste.

## Conclúidí agus moltaí

### *Cuntais bhainc le haghaidh fosheirbhísí*

**12.66** Tá laghdú déanta ar líon iomlán na gcuntas bainc i gColáiste an Gharda Síochána ó rinne Stiúrthóireacht Airgeadais an Gharda athbhreithniú in 2008, le cúig chuntas faoi rialú bhainistíocht an Gharda ag feidhmiú i Lúnasa 2017. Baineann dhá chuntas le fosheirbhísí — bialann an choláiste agus siopa an champais. Bhain formhór na n-iarmhéideanna i gcuntas na bialainne le híocaíochtaí liúntas cothaithe san am atá caite, agus ó thrádáil.

**12.67** Faoi dheireadh 2016, cuireadh €224,000 a bhí i gcuntais bhainc na bhfosheirbhísí i gColáiste an Gharda Síochána ar an gclár comhardaithe. Níor áiríodh iarmhéideanna beaga in dhá chuntas a dúnadh ó shin ar an gclár comhardaithe.

**12.68** Dúirt an Garda Síochána go bhfuil múnla maoinithe leasaithe i bhfeidhm anois in 2017 d'oibriú bhialann an choláiste agus bhfuiltear ag súil go gcuirfear deireadh le carnadh barrachais i gcuntas bainc na bialainne.

### *Creatlach le haghaidh seirbhísí a bhainistiú*

**12.69** Tá bearta curtha i bhfeidhm ag an nGarda Síochána chun rialuithe ar fhosheirbhísí a thabhairt chun rialtachta, agus iad a thabhairt go foirmiúil faoi chóras rialaithe airgeadais an Gharda Síochána. Níl creatlach i bhfeidhm fós áfach chun an caidreamh idir an coláiste (agus an Garda Síochána i gcoitinne) agus na gníomhaíochtaí sin.

#### Moladh 12.1

Ba cheart don Gharda Síochána a leagan amach i ndoiciméad, na socruithe rialachais maidir le fosheirbhísí atá ag feidhmiú laistigh den eagraíocht.

**Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta**

Aontaithe. Dúirt Oifigeach Cuntasaíochta an Gharda Síochána gur de bharr struchtúir a bunaíodh sna 1980í a tharla na himeachtaí sa choláiste. Tar éis gur foilsíodh tuarascáil eatramhach ar an iniúchóireacht inmheánach i mí Feabhra 2017, cheap an Garda Síochána Príomhriarthóir eatramhach nua ag grád Príomhoifigigh chun feidhmeanna riaracháin an choláiste a bhainistiú. Tá struchtúir nua á mbunú i gcomhréir le moltaí na tuarascála.

### *Bainistiú Talamh Stáit*

**12.70** Tugann Oifig na nOibreacha Poiblí tacaíocht agus cúnamh do ranna agus gníomhaireachtaí rialtais, lena n-áirítear an Garda Síochána, maidir le fáil, forbairt, bainistiú agus diúscairt talún agus foirgneamh. De ghnáth, coinníonn Oifig na nOibreacha Poiblí úinéireacht ar réadmhaoin a fuarthas lena húsáid ag comhlachtaí poiblí a bhainistíonn an réadmhaoin ar bhonn laethúil. Tá ról ag Oifig na nOibreacha Poiblí freisin maidir lena chinntiú go mbíonn straitéis fhoriomlán i bhfeidhm don phunann, agus go bhfaightear luach ar airgead ó infheistíocht an Stáit.

**12.71** Maidir le bainistiú agus rialú réadmhaoine faoi úinéireacht Stáit i gcoláiste an Gharda Síochána, tá imní ann nach bhfuarthas luach ar airgead ón gcur chuige a bhí ann.

- Níl aon fhianaise ann gur lorg an Garda Síochána aon chomhairle ó Oifig na nOibreacha Poiblí maidir le ceadúnas a dheonú in 2000 do chumann áitiúil rochtain a fháil ar thailte an ghalfchúrsa.

- Níl aon fhianaise go ndearnadh ceannach léas thalamh an ghalfchúrsa chun críocha fhorbairt an choláiste a mheas nuair a rinne an Garda Síochána agus an Roinn iarracht talamh breise a fháil chun acmhainn an choláiste a mhéadú de bhun chinneadh an Rialtais maidir le líon na nGardaí in 2004.
- Níl aon fhianaise go raibh aon chomhaontú foirmiúil ná soiléiriú ar fhreagrachtaí mar bhonn faoi cheannach fheirm an Droma Aird agus aistriú a rialaithe go dtí an Garda Síochána.
- Níl aon fhianaise go ndearna Oifig na nOibreacha Poiblí bearta leantacha ná monatóireacht maidir leis an mbealach ina raibh feirm an Droma Aird á húsáid ar mhaithe leis na cuspóirí dá bhfuarthas í, ná go ndearnadh a luach a chosaint ná a optamú.

**Moladh 12.2**

Ba cheart don Gharda Síochána agus Oifig na nOibreacha Poiblí, i bpáirt leis an Roinn, plean fadtéarmach a fhorbairt le haghaidh fhorbairt na talún agus na bhfoirgneamh i gceangal le Coláiste an Gharda Síochána.

**Freagra an Oifigigh Cuntasaíochta**

Aontaithe. Tá sé ráite ag Oifigeach Cuntasaíochta an Gharda Síochána go n-aithníonn sé an tábhacht a ghabhann le Coláiste an Gharda Síochána le go mbeifear in ann cuspóirí na heagraíochta an Garda Síochána a fhás go 21,000 ball, fostaí sibhialta agus cúl-bhall faoin mbliain 2021. In 2007, d’ullmhaigh an Stiúrthóir Oiliúna plean chun ionad barr feabhais a bhunú chun áiseanna oiliúna an choláiste a leathnú. In 2016, leag an Garda Síochána amach na riachtanais agus an infheistíocht a theastaíonn chun an coláiste a nuachóiriú. Is deis iontach é an rogha, tailte an ghalfchúrsa atá buailte le Coláiste an Gharda Síochána a úsáid chun an campas atá ann cheana féin sa Teampall Mór a leathnú agus go mbeadh buntáistí móra ann d’eagraíocht an Gharda agus do bhaile an Teampaill Mhóir.

Dúirt sé go raibh an rogha seo pléite cheana féin ag an nGarda Síochána le hOifig na nOibreacha Poiblí mar chuid d’obair leanúnach ar thailte a aistriú ó Garda College Sportsfield Company Ltd go dtí Oifig na nOibreacha Poiblí. Aithníonn an dá ghrúpa na castachtaí a bhaineann le tailte an ghalfchúrsa agus an infheistíocht shuntasach a bheidh ag teastáil chun na háiseanna a fhorbairt ag an gcoláiste. Leanfaidh an Garda Síochána de bheith ag obair leis na páirtithe ábhartha lena chinntiú go n-aistreofar na tailte go dtí Oifig na nOibreacha Poiblí i gcomhréir le moladh na tuarascála iniúchóireachta inmheánaí agus go ndéanfar an coláiste a fhorbairt ar an mbealach is oiriúnaí chun freastal ar riachtanais eagraíochtúla sa todhchaí.

**Freagra an Ard-Rúnaí**

Dúirt Ard-Rúnaí na Roinne Cirt agus Comhionannais go raibh in aighneacht a Roinne don athbhreithniú meántéarmach ar an bplean caipitil, mionsonraí maidir le clár máistirphlean níos fadtéarmaí sa choláiste, faoina bhfuil sé beartaithe dhá thionscadal a chur chun cinn ar cuid díobh iad: áis oideachais agus oiliúna nua a thógfar le sainchuspóir, ina mbeidh seomra ranga, seomra briste amach, agus fofheidhmeanna múinteoireachta agus riaracháin; cóiríocht chónaithe nua a úsáidfear don chuid is mó ar mhaithe le Gardaí faoi oiliúint a bhíonn i mbun bonnoiliúna.

#### Freagairt Chathaoirleach Oifig na nOibreacha Poiblí

Tá sé ráite ag Cathaoirleach Oifig na nOibreacha Poiblí, go rabhthas den tuairim nach raibh an láithreán oiriúnach ag an am toisc tailte an ghalfchúrsa a bheith sa bhaile mór, in aice le tithe áitiúla, gar do thithíocht agus don bhaile agus gur measadh gur bhain fadhbanna leis sin don Gharda Síochána. Dá bhrí sin, ní dhearna Oifig na nOibreacha Poiblí aon bhreithniú breise ar an ionad barr feabhais a lonnú ar thailte an ghalfchúrsa. Dúirt sé chomh maith nach raibh an cuspóir dár ceannaíodh feirm an Droma Aird chomh práinneach is a bhí toisc teacht na géarchéime eacnamaíche agus foirceannadh an tionscadail forbartha.

### Moladh 12.3

Ba cheart d’Oifig na nOibreacha Poiblí comhaontuithe foirmiúla maidir le socruithe freagrachta a chur in áit le comhlachtaí poiblí dá bhfuil réadmhaoin Stáit sannta.

#### Freagairt Chathaoirleach Oifig na nOibreacha Poiblí

Aontaithe. Dúirt Cathaoirleach Oifig na nOibreacha Poiblí go nglacann sé haidhm ghinearálta an mholta, deimhin a dhéanamh de go mbíonn soiléireacht ann idir Oifig na nOibreacha Poiblí agus sealbhóir réadmhaoine, agus a háitritheoirí maidir lena bhfreagrachtaí faoi seach i leith na réadmhaoine. Dúirt sé gurbh amhlaidh i gcás ranna rialtais láir, nach mbíonn go traidisiúnta léas ná socrú ceadúnais i bhfeidhm, toisc nach gceadaítear do mhórán ranna léasanna a bheith acu ina n-ainmneacha féin. Cé go bhfuil Oifig na nOibreacha Poiblí ag féachaint faoi láthair ar a inmholta is atá sé litreacha comhaontaithe / tuisceana a chur in áit maidir le háitíocht den saghas sin, ba é a dtaithí é nach bhfacthas riamh go dtí seo go raibh gá le socruithe den saghas toisc go ndéanann áitritheoirí go traidisiúnta cúram den réadmhaoin agus úsáideann í ar mhaithe leis an gcuspóir a bhí i gceist. Ní fhéadfaí comhaontuithe den saghas sin a thabhairt chun críche ach amháin tar éis comhairle dlí a fháil ó chaithfí féachaint ar aon iarmhairtí nach rabhthas ag súil leo maidir le reachtaíocht sláinte agus sábháilteachta atá i bhfeidhm cheana féin.

### Moladh 12.4

Ba cheart go ndéanfadh Oifig na nOibreacha Poiblí cigireachtaí timthriallacha (nó go ndéanfaí ar a son iad) ar an réadmhaoin ar fad dá bhfuil aici agus a chinntiú go leanfar de úsáid a bhaint aisti chun críocha a údaraíodh, go ndéanfar an réadmhaoin a chosaint agus go bhfaightear an t-ioncam is fearr as aon réadmhaoin nach bhfuil ag teastáil (nó nach bhfuil ag teastáil go fóill) chun críocha straitéiseacha.

#### Freagairt Chathaoirleach Oifig na nOibreacha Poiblí

Aontaithe. Dúirt Cathaoirleach Oifig na nOibreacha Poiblí go ndéanann an Oifig, trína gréasán oifigí réigiúnacha ar fud na tíre, cigireachtaí go rialta ar réadmhaoin agus tailte chun deimhin a dhéanamh de go ndéantar iad a chosaint agus gcoimeádtar saor ó chúngach iad. Mar atá leagtha amach thuas, tá Oifig na nOibreacha Poiblí ag féachaint faoi láthair ar bhealaí chun soiléireacht ardaithe a thabhairt maidir le róil agus freagrachtaí Oifig na nOibreacha Poiblí mar úinéir réadmhaoine agus na tionóntaí araon. I bhfianaise a scála agus a scaipthe agus atá punann Oifig na nOibreacha Poiblí, ní féidir leis an Oifig maoirseacht huan a dhéanamh ar an réadmhaoin ar fad aici leis an leithdháileadh acmhainní reatha. Creideann Oifig na nOibreacha Poiblí go gcaithfidh freagrachtaí comhchoiteanna a bheith ann agus iad sainmhínithe don dá pháirtí i dtéarmaí bainistithe réadmhaoine.